



**Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas**

**Ceapacháin chun Bhord Raidió Teilifís Éireann (RTÉ)
An Dáta Deiridh: 3 pm 17 Nollaig 2020**

**An Comhchoiste um Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spórt agus Gaeltacht,
Teach Laighean, Baile Átha Cliath 2**

Uimhir Theileafóin: (01) 618 3121

Rphost: jcmedia@oireachtas.ie

Comhaltas Bord Stáit

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil rialachas corparáideach ar ardchaighdeán i ngach Gníomhaireacht Stáit, cibé acu sa réimse tráchtála nó neamhthráchtála iad, chun a chinntiú go gcuirfear go dearfach le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch fhoriomlán an Stáit.

Ceaptar comhaltaí de Bhoird Stáit chun gníomhú thar ceann an tsaoránaigh d'fhonn formhaoirsiú a dhéanamh ar reáchtáil gnóthaí comhlachtaí stáit. Ní mór do chomhlachtaí stáit fónamh do leasanna an cháiniócóra, iarracht a dhéanamh luach ar airgead a fháil ina gcuid gnóthaí (lena n-áirítear priacal a bhainistiú go cuí), agus gníomhú go trédhearcach mar eintitis phoiblí. Tá comhaltaí de Bhoird Stáit, agus an fhoireann bhainistíochta iomchuí, cuntasach as an eagraíocht a bhainistiú go cuí.

Ba cheart do chomhaltaí Boird gníomhú ar bhonn eolais iomláin, de mheon macánta, le dícheall agus le cúram cuí, agus ar mhaithe le leas an chomhlachta Stáit, faoi réir na gcuispóirí arna socrú ag an Rialtas. Maidir leis an méid sin agus de réir 13.2 de na Treoirínte um Cheapacháin chun Boird Stáit, “moltar gan aon chomhalta de Bhord Stáit a bheith ag fónamh ar feadh níos mó ná dhá théarma ceapacháin iomlána agus gan ceapacháin chun níos mó ná dhá Bhord Stáit a bheith aige nó aici.”

Tá creat le fáil sa [Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016](#) (an Cód) a bhaineann le dea-chleachtas i rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm ag comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála araon.

Aon chomhaltaí ar mian leo rannchuidiú go héifeachtach ar Bhord Stáit, moltar dóibh:

- grinnscrúdú neamhspleách agus oibiachtúil a dhéanamh ar mhaoirseacht na heagraíochta;
- bheith ullamh chun dúshlán a thabhairt nuair is gá ach chun tacú ag an am céanna le straitéis agus cuspoirí na heagraíochta a chur i gcrích;
- bheith in ann comhairle thomhaiste a thabhairt atá bunaithe ar bhreithiúnas stuama agus ar thaithí;
- bheith sásta gealltanais a thabhairt go gcaithfidh siad cibé méid ama ar a gcuid oibre atá i gcomhréir leis an ról atá acu.

Ceapacháin chun Bhord Raidió Teilifís Éireann (RTÉ)

| | |
|----------------------------|--|
| Áit: | Baile Átha Cliath |
| Líon na bhFolúntas: | 4 (arna moladh ag an gComhchoiste um Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spóirt agus Gaeltacht lena n-ainmniú ag an Aire le haghaidh an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lena gceapadh ag an Rialtas). |
| Luach Saothair: | <p>Is é €15,750 an tuarastal reatha do chomhalta de Bhord RTÉ. Ba cheart go mbeadh iarratasóirí ar an eolas, áfach, gur chuir an Bord in iúl ina Straitéis athbhreithnithe 2024 go bhfuil sé beartaithe ag an mBord a chuid táillí ón mbliain 2020 a tharscaoileadh.</p> <p>Ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir an phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin', nach mbeidh aon seirbhíseach poiblí i dteideal luach saothair a fháil i bhfoirm táillí Boird, ach amháin i leith imthosca a ndéantar foráil reachtúil maidir leo e.g. Stiúrthóirí is Oibrithe). Tá taisteal agus cothú iníoctha ag rátaí cuí na státseirbhíse.</p> |
| Riachtanais ama: | <p>1.5-2 Lá in aghaidh na míosa. Beidh am breise ag teastáil roimh na cruinnithe chun léitheoireacht ullmhúcháin a dhéanamh.</p> <p>Beifear ag súil go mbeidh comhaltaí den Bhord ag fónamh ar Choistí an Bhoird.</p> <p>Tarraingítear aird na n-iarratasóirí ar fhorálacha an Chóid i ndáil le comhaltas an Choiste Iniúchta agus Priacail atá le fáil anseo.</p> |

1. Cúlra

Is corparáid reachtúil é RTÉ (Raidió Teilifís Éireann). Tá sé ar an bhfód mar chraoltóir seirbhíse poiblí ó bunaíodh an tseirbhís raidió 2RN sa bhliain 1926 agus de sin a rinneadh RTÉ tráth a bunaíodh an tseirbhís teilifíse sa bhliain 1960. Oibríonn RTÉ faoin Acht Craolacháin, 2009. Is é an phríomhfheidhm atá aige, meáin seirbhíse poiblí a sholáthar ar ardáin éagsúla.

2. Feidhmeanna an Bhoird

Tá Bord RTÉ freagrach as rialachas RTÉ, ar foras mór cultúir de chuid an Stáit é agus é freagrach as cainéil teilifíse, cainéil raidió, táirgeadh ilmheán digiteach, ceolfhoirne agus grúpaí na dtaibhealaíona. Déanann RTÉ meáin a tháirgeadh i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Ar an liosta iomlán de na fochoistí a bhfuil freagracht rialachais ag Bord RTÉ astu, tá na fochoistí seo a leanas:

- An Coiste Iniúchta agus Priacail
- An Coiste um Chláir
- An Coiste um Chóirthrádáil
- An Coiste Straitéise
- An Coiste um Luach Saothair

Déanann an Bord beirt Stiúrthóirí a cheapadh freisin chun suí ar gach ceann de na fochuideachtaí.

- Líonra Tarchurtha CGA de chuid RTÉ, agus
- Fiontair Thráchtála CGA de chuid RTÉ

Ceanglaítear leis an Acht Craolacháin, 2009 gur comhalta de Chomhairle an Lucht Féachana comhalta den Bhord

Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag www.rte.ie

Is mar a leanas atá comhdhéanamh an Bhoird:-

| Ainm | An Chéad Uair a Ceapadh | Athcheapadh | An Dáta Éagtha | Cineál an Phoist | An Bunús atá leis an gCeapadh |
|-------------------------|-------------------------|-------------|----------------|--------------------|--|
| Moya Doherty | 04/11/2014 | 07/11/2017 | 06/11/2022 | An Cathaoirleach | Arna ceapadh ag an Rialtas i ndiaidh próiseas SCP |
| Ian Kehoe | 09/10/2018 | | 08/10/2023 | Comhalta den Bhord | Arna cheapadh ag an Rialtas i ndiaidh próiseas SCP |
| Deborah Kelleher | 04/11/2014 | 06/11/2017 | 06/11/2022 | Comhalta den Bhord | Arna ceapadh ag an Rialtas i ndiaidh próiseas SCP |
| Dee Forbes | 11/7/2016 | | | An tArd-Stiúrthóir | Arna ceapadh ex-officio |
| Dr PJ Matthews | 04/11/2014 | 10/12/2019 | 3/11/2024 | Comhalta den Bhord | Arna cheapadh ag an Rialtas i ndiaidh próiseas SCP |
| Anne O'Leary | 04/11/2014 | 10/12/2019 | 3/11/2024 | Comhalta den Bhord | Arna ceapadh ag an Rialtas i ndiaidh próiseas SCP |
| Robert Shortt | 29/05/2018 | 10/12/2019 | 3/11/2024 | Comhalta den Bhord | Arna thoghadh ag an bhFoireann |
| Connor Murphy | 19/03/2020 | | 18/3/2025 | Comhalta den Bhord | Arna cheapadh ag an Rialtas i ndiaidh próiseas SCP |
| Folúntas | | | | | Ainmniúchán an Chomhchoiste Oireachtais |
| Folúntas | | | | | Ainmniúchán an Chomhchoiste Oireachtais |
| Folúntas | | | | | Ainmniúchán an Chomhchoiste Oireachtais |
| Folúntas | | | | | Ainmniúchán an Chomhchoiste |

3. Sonraíocht Iarrthóra

Maidir leis an iarrthóir a bheidh le ceapadh, ceanglaítear le halt 82 den Acht Craolacháin taithí a bheidh aige nó aici, nó cumas a bheidh léirithe aige nó aici i réimse amháin nó níos mó díobh seo a leanas, ar nithe iad is iomchuí maidir le maoirseacht chraoltóir seirbhíse poiblí: -

- a) gnóthaí na meán,
- b) craolachán seirbhíse poiblí,
- c) táirgeadh ábhair craolacháin,
- d) teicneolaíochtaí na meán digiteach,
- e) gnóthaí ceardchumainn,
- f) gnóthaí gnó nó tráchtála,
- g) nithe a bhaineann le forbairt na Gaeilge,
- h) nithe a bhaineann le míchumas,
- i) na healaíona, ceol, spórt nó cultúr,
- j) eolaíocht, teicneolaíocht nó cúrsaí comhshaoil,
- k) gnóthaí dlí nó rialála, agus
- l) gníomhaíochtaí sóisialta, oideachais nó pobail, nó gnóthaí Gaeltachta.

Is mian leis an gComhchoiste um Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spórt agus Gaeltacht iarrthóirí atá cáilithe go cuí a mholadh lena n-ainmniú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lena gceapadh chun Bhord RTÉ.

Tosaíocht

Tá an Comhchoiste um Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spórt agus Gaeltacht ag iarraidh, go háirithe, iarrthóir amháin nó níos mó a mholadh ag a bhfuil saineolas agus taithí léirithe ag leibhéal sinsearach cuí in eagraíocht atá chomh mór agus chomh casta le RTÉ, i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

1. Gnóthaí gnó agus tráchtála.

Is gá taithí ar cheann amháin ar a laghad díobh seo:

- Taithí feidhmiúcháin ardleibhéil i ngnó substaintiúil (sna meáin nó i réimse eile)
- Taithí ar ghnónna a bhunú agus a scálú ag leibhéal sinsearach Tuiscint bheacht ar airgeadas nó ar chuntasaíocht – le cáilíocht ghairmiúil iomchuí más ann
- Taithí ar ról feidhmiúcháin agus/nó neamhfheidhmiúcháin mar chomhalta boird (san earnáil leath-stáit, phoiblí nó eile)
- Taithí ar airgeadas corparáideach

2. Gnóthaí dlí nó rialála.

Is gá taithí ar cheann amháin ar a laghad díobh seo:

- Cálíocht ghairmiúil sa dlí, nó taithí shuntasach ar an dlí i gcaitheamh an tsaoil ghairmiúil
- Cúlra gnóthaí rialála, agus cúlra iniúchta agus pricail
- Taithí feidhmiúcháin ardleibhéil
- Taithí ar ról feidhmiúcháin agus/nó neamhfheidhmiúcháin mar chomhalta boird (san earnáil leath-stáit, phoiblí nó eile)
- Ba bhuntáiste é Lánchálíocht mar Stiúrthóir Cairte

Inmhianaithe

Meastar gur inmhianaithe freisin na critéir seo a leanas:

- Eolas ar an timpeallacht chlosamhairc dhigiteach nua.
- Tuiscint ar an éagsúlacht mhéadaithe atá i dtírdhreach Shóisialach agus Chultúrtha na hÉireann.
- Scileanna airgeadais chorparáidigh nó scileanna athchóirithe chorparáidigh.
- Saineolas ar Acmhainní Daonna agus/nó taithí ar bhainistiú athruithe (bheifí ag súil le taithí san earnáil leath-stáit nó in ionad meán).
- Taithí ar nuálaíocht dhigiteach agus ar fhiontraíocht.
- Saineolas airgeadais.
- Taithí boird ardleibhéil – de chineál feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin – in ionad tráchtála.

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí ar fhorálacha an Chóid i ndáil le ról comhalta Boird, agus de réir an phrionsabail:

- Ba cheart Bord éifeachtach a bheith i gceannas ar gach Comhlacht Stáit, is Bord a bheidh ar fad le chéile freagrach as inmharthanacht fhadtéarmach an chomhlachta.

Ba cheart do chomhaltaí den Bhord neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspléach a thabhairt maidir le cúrsaí straitéise, acmhainní feidhmíochta, ceapacháin ríthábhachtacha agus caighdeán iompair. Tá mionsonraí maidir le ról Comhaltaí Boird le fáil in Alt 3 den Chód, atá ar fáil [anseo](#)

4. Téarma an Cheapacháin

Is ar feadh tréimhse 5 bliana a bheidh ceapacháin chun an Bhoird, agus beidh rogha chun téarma an cheapacháin a fhadú go ceann tréimhse suas go dtí 5 bliana, faoi réir na nithe seo a leanas:

- Féadfaidh an tAire comhaltas aon chomhalta den Bhord a fhoirceannadh tráth ar bith, ar bhonn na gcúiseanna a luafaidh an tAire.
- Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord le fógra i scríbhinn a sheoladh chuig an Aire nó a thabhairt dó nó di, agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an lá a gheobhaidh an tAire an fógra.
- Beidh comhaltaí den Bhord, faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá cur síos ar ról agus freagrachtaí Chomhaltaí Boird le fáil sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 arna athbhreithniú, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais [An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú](#).
- Scoirfidh Comhalta den Bhord de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord i gcás go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, go dtoghfar é nó í chun Parlaimint na hEorpa, nó go n-éiríonn sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

5. D'iarratas a chur isteach

Tar éis na critéir oiriúnachta ghinearálta maidir le comhaltas de Bhord Stáit a athbhreithniú, is ceart duit measúnú a dhéanamh ar conas atá do chúlra agus do thaithí ag teacht leis na critéir ceapacháin shonracha atá leagtha amach san alt maidir le Sonraíocht Iarrthóra sa leabhrán seo.

Déan breithniú cúramach, le do thoil, ar aon easaontacht leasa ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann agus tabhair aghaidh ar an méid sin i do litir chlúdaigh. Féadfaidh an Gasra Oibre breith a thabhairt, bunaithe ar aon easaontacht leasa a mheastar a bheith ann, gan d'ainm a chur ar aghaidh lena bhreithniú.

Is ceart d'iarratas a dhéanamh le ríomhphost chuig icmedia@oireachtas.ie leis an líne ábhair: "Iarratas chun Bord RTÉ 2020" mar aon le **Curriculum Vitae** agus **litir chlúdaigh**.

NÓTA TÁBHACHTACH

Bí cúramach, le do thoil, agus d'iarratas á chur isteach agat. Beidh an moladh nó na moltaí a dhéanfaidh an Gasra Oibre, go ginearálta, bunaithe ar an mbreithniú a dhéanfaidh sé ar na doiciméid a chuirfidh tú faoina bhráid, agus dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh tú mar a leanas:

Cinntigh go léiríonn do Litir Chlúdaigh (agus an CV a ghabhann leis) an tslí a gcomhlíonann do chúlra agus do thaithí áirithe ceanglais phost nó phoist an Údaráis a shonraítear sa leabhrán seo.

Is cabhair é sin don Ghasra Oibre chun a chinntiú go mbeidh sé ar an eolas, a mhéid is féidir, maidir lena bhfuil mar bhonn le tú a bheith incheaptha don phost agus ar an gcúis a gcreideann tú go bhféadfaí go gceapfar tú chun an Bhoird Stáit seo. **Ná bíodh ar áireamh agat, le do thoil, ach faisnéis is iomchuí go díreach maidir leis an bpost áirithe a bhfuil tú ag cur isteach air.**

Má tá aon cheisteanna agat maidir leis an bpróiseas iarratais, seol ríomhphoist, le do thoil, chuig jcmedia@oireachtas.ie

6. An Próiseas Measúnaithe

Tá an Comhchoiste tar éis Gasra Oibre (“an Gasra”) a thionól chun breithniú agus measúnú a dhéanamh ar na hiarratais a gheofar. Déanfaidh an Gasra na nithe seo a leanas:

- athbhreithniú agus plé ar na hiarratais a gheofar i gcoinne na gcritéar ceapacháin áirithe le haghaidh an ról, de réir mar a fhógraítear iad sa Leabhrán Faisnéise seo;
- measúnú breise ar na hiarrthóirí ionchasacha a luaithe a bheidh na critéir ceapacháin áirithe comhlíonta acu, trí aon cheann nó gach ceann de na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:
 - Na hiarratais i scríbhinn a bhreithniú; agus/nó
 - Cruinniú nó glaoch comhdhála ar líne trí Microsoft Teams i lár mhí Eanáir 2021; agus/nó
 - Moltóirí a sheiceáil; agus/nó
 - Aon mhodh roghnóireachta nó fíoraithe eile a mheasfar a bheith cuí (féadfar a áireamh leis sin an Comhchoiste do cheangal dearbhuithe reachtúla a fháil ó cibé iarrthóirí a bheidh ann maidir leis na bona fide i dtaobh na gcáilíochtaí agus na taithí atá in iarratas gach duine díobh).
- na hiarrthóirí cuí a chur ar ghearrliosta a bheidh le seoladh ar aghaidh lena bhreithniú ag an Aire.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh aon fhreagracht ar an gComhchoiste as caiteachais a thabhóidh iarrthóirí mar chuid dár bpróiseas roghnóireachta.

7. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, is faoi rún daingean a dhéanfar breithniú ar iarratais. Maidir le gach fiosrú, iarratas agus gné de na himeachtaí, is faoi rún daingean a bheidh siad á phlé agus ní dhéanfar iad a nochtadh do dhuine ar bith, cé is moite díobh sin a bhfuil baint acu go díreach leis an ngné sin den phróiseas.

8. Cosaint Sonraí

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Cosaint Sonraí, lean an [nasc](#), le do thoil.